

Saincheisteanna dlí arna maíomh

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir ceithre shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear gur glacadh an Rialachán a chonspóidtear de shárú ar roinnt forálacha de Rialachán CLP ⁽¹⁾, lena n-áirítear Airteagail 36, 37 agus Roinn 3.9 d'Iarscríbhinn I. Go háirithe, mhainnigh RAC a léiriú gur comhlíonadh na critéir maidir le haicmiú na Substainte mar STOT RE 2 agus, dá bhrí sin, ní fhéadfadh a thuairim tacú go bailí leis an aicmiú atá faoi chonspóid. Dá bhrí sin, ní fhéadfadh an Coimisiún a chinneadh go bailí ar bhonn Thuairim RAC go raibh an t-aicmiú atá faoi chonspóid iomchuí. Tríd an Rialachán a chonspóidtear a ghlacadh, sháraigh an Coimisiún Airteagal 37(5) de Rialachán CLP.
2. An dara shaincheist dlí lena n-éilítear nár chloígh RAC leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 37(4) de Rialachán CLP, rud a sháraigh na forálacha sin ar bhealaí éagsúla. Ar an gcéad dul síos, mhainnigh RAC Tuairim RAC a ghlacadh laistigh den sprioc-am 18 mí a fhorordaítear le dlí. Ar an dara dul síos, níor thug RAC deis fhoirmiúil barúil a thabhairt maidir lena thuairim do na páirtithe lena mbaineann cé go gceanglaítear é sin go sonrath le Rialachán CLP.
3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear gur mhainnigh an Coimisiún ina dhualgais faoi Airteagal 37(5), sa mhéid is nár fhóiraigh sé go leordhóthanach gur seoladh nós imeachta CLH i gceart de réir Rialachán CLP. Mar thoradh air sin, níorbh fhéidir leis an gCoimisiún a chinneadh go bailí go raibh an t-aicmiú atá faoi chonspóid iomchuí agus gur ghlac sé an Rialachán a chonspóidtear de shárú ar Airteagal 37(5) de Rialachán CLP.
4. An ceathrú saincheist dlí lena n-éilítear gur sháraigh an Coimisiún a ghealltanais faoin gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le reachtóireacht níos fearr agus prionsabal an dea-riaracháin agus an Rialachán a chonspóidtear á ghlacadh aige gan measúnú tionchair a dhéanamh agus a dhoiciméadú roimh ré.

⁽¹⁾ IO 2022 L 129, lch. 1.

⁽²⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 67/548/CEE agus Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO 2008 L 353, lch. 1).

Caingean arna tabhairt an 8 Lúnasa 2022 — QN v EU-LISA

(Cás T-484/22)

(2022/C 380/23)

Teanga an cháis: an Fhraincis

Páirtithe

Iarratasóir: QN (ionadaí: H. Tagaras, Dlíodóir)

Cosantóir: Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtuil a dhéanamh ar Chórais Mhórsála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA)

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

- géilleadh don iarratas;
- na gníomhartha atá faoi chonspóid a neamhniú;
- a ordú don chosantóir damáistí EUR 3 000 a íoc;
- a ordú don chosantóir na costais a íoc go heisiach.

Saincheisteanna dlí arna maíomh

Mar thaca leis an gcaingean i gcoinne chinneadh Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun bainistiú oibríochtuil a dhéanamh ar Chórais Mhórsála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA) an 22 Nollaig 2021, gan ainm an iarratasóra a chur ar liosta na n-oifigeach arna n-athaicmiú go grád AD 10 i gcomhthéacs chleachtadh athaicmithe 2021, maíonn an t-iarratasóir trí shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí, lena n-éilítear earráid dlí i léiriú agus i gcur i bhfeidhm ionstraim an chosantóra lena rialaítear athaicmiú, eadhon Cinneadh 2016-016 ón mBord Bainistíochta, a mhéid a dhéantar athaicmiú leis an gCinneadh sin, de réir an Chosantóra, do gach grád, faoi réir coinníoll íos-mheánshinearachta sa ghrád ar cheart don fhoireann a bheidh le hathaicmiú a chomhlíonadh agus a mhair, i gcás an iarratasóra, i ngrád AD 9, ceithre bliain. Dearbhaíonn an t-iarratasóir go bhfuair sé líon an-ard pointí athaicmithe agus gurbh é a ghrád, chomh maith le grád AD 10, an t-aon ghrád AD ar cuireadh an coinníoll sinsearachta thuasluaite i bhfeidhm ina leith.
2. An dara saincheist dlí, a éilítear mar mhalairt air sin, lena n-éilítear pléadáil neamhdhleathachta i gcoinne an Chinnidh thuasluaite, ar an bhforas nach bhfuil sé ag luí le prionsabail agus rialacha iomadúla dhlí na státseirbhíse, go háirithe iad siúd a bhaineann le hathaicmiú ar bhonn fiúntais.
3. An tríú saincheist dlí, a éilítear mar mhalairt air sin, lena n-éilítear gur sáraíodh prionsabal na córa comhionainne, prionsabal na teidlíochta ar ionchais ghairmréime réasúnta agus earráid fhollasach measúnaithe sa mhéid go ndearnadh athaicmiú, i gcás gach grád AD seachas grád an iarratasóra agus grád AD 10, in ainneoin nár comhlíonadh coinníoll na meánshinearachta íosta.

Caingean arna tabhairt an 2 Lúnasa 2022 — An tSualainn v an Coimisiún

(Cás T-485/22)

(2022/C 380/24)

Teanga an cháis: an tSualainnis

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: Ríocht na Sualainne (ionadaithe: H. Shev agus F.-L. Göransson)

Cosantóir: An Coimisiún Eorpach

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

- cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/908 ón gCoimisiún an 8 Meitheamh 2022 lena n-eisiatar ó mhaoiniú an Aontais Eorpaigh caiteachas áirithe a thabhaíonn na Ballstáit faoin gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus faoin gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT), ⁽¹⁾ a mhéid a bhaineann leis an gcinneadh don tSualainn ceartúchán ar ráta comhréidh cúig faoin gcéad don tSualainn a fhorchur, a chomhfhreagraíonn do mhéid EUR 13 856 996,64 i leith na cabhrach a íocadh leis an tSualainn le haghaidh blianta éilimh 2017, 2018 agus 2019, agus,
- a ordú don Choimisiún na costais a íoc.

Saincheisteanna dlí arna maíomh

Chun tacú leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir trí shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí, lena n-éilítear gur mhainnigh an Coimisiún a oibleagáid maidir le cúiseanna a lua a chomhlíonadh, ós rud é nach raibh na cúiseanna soiléir nuair a ghlac sé a chinneadh, nó cad iad na heasnaimh a líomhnaíonn an Coimisiún i gcoinne na Sualainne. Dá bhrí sin, níl aon fhaisnéis leordhóthanach ann chun a mheas an bhfuil bunús maith leis an gcinneadh atá faoi chonspóid.
2. An dara saincheist dlí, lena n-éilítear gur sháraigh an Coimisiún Airteagal 52 de Rialachán 1306/2013 ⁽²⁾ agus Airteagal 28 go 29 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 809/2014 ón gCoimisiún an 17 Iúil 2014 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gcóras comhtháite riaracháin agus rialúcháin, bearta forbartha tuaithe agus traschomhlíontacht, ⁽³⁾ sa mhéid go ndearna an Coimisiún earráid sa mheasúnú a rinne sé inar chinn sé go raibh easnaimh shistéamacha i gcur chun feidhme cros-seiceálacha, a bhaineann le nuashonrúcháin LPIS, a mheastar a bheith ina easnamh sa phríomhrialú. Is é is cúis leis sin (1) nach féidir cáilíocht nuashonrú LPIS a mheasúnú ach amháin i ndáil leis an mbunachar sonraí dáileachtaí talún ina iomláine, (2) go raibh sampla an Choimisiúin de dháileachtaí talún le hathbhreithniú rótheoranta chun laige shistéamach a léiriú, agus (3) nach bhfuil conclúid an Choimisiúin maidir le líon na dáileachtaí talún easnamhacha agus an ráta earráide — ar cosúil go raibh siad mar bhonn le measúnú an Choimisiúin ar laige shistéamach i nuashonrú LPIS — Níl an ceart aige.